Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 446

An t-eagrán Gaeilge

Faisnéis agus Fógraí

Imleabhar 65

24 Samhain 2022

Clár

II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Coimisiún Eorpach

2022/C 446/01 Reachtanna EU-SOLARIS ERIC 1

IV *Fógraí*

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

An Chomhairle

2022/C 446/02 Cinneadh ón gComhairle an 21 Samhain 2022 lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022 23

An Coimisiún Eorpach

2022/C 446/03 Rátaí malairte an euro — 23 Samhain 2022 25

An Chúirt Iniúchóirí

2022/C 446/04 Tuairim 06/2022 *(de bhun Airteagal 322(1), CFAE)* i dtaca le togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) [2022/162(COD)] 26

GA

FÓGRAÍ A bhAineAnn LEIS An LimistéAr EorpAch EAcnAmAíoch

Údarás Faireacháin CSTE

2022/C 446/05 Laethanta saoire poiblí in 2023: Stáit LEE/CSTE agus institiúidí LEE 27

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

An Coimisiún Eorpach

2022/C 446/06 Glao ar thograí 2023 - EAC/A14/2022 — An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach 29

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

An Coimisiún Eorpach

2022/C 446/07 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10931 – OPENTEXT / MICRO FOCUS) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) 31

2022/C 446/08 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10884 – JTCP / EPCG / EROSKI S. COOP / SUPRATUC2020) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) 33

2022/C 446/09 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10713 – RWE / NEWCO EEMSHAVEN) ([1]) 35

2022/C 446/10 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10905 – IRISH LIFE WELLBEING / CENTRIC HEALTH PRIMARY CARE / CAREPATH CONNECT) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) 36

2022/C 446/11 Réamhfhógra faoi chomhchruinniú (Cás M.10726 – BNP PARIBAS / STELLANTIS / PCDF ASSETS / FCAB ASSETS / JV) — Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe ([1]) 38

([1]) Téacs atá ábhartha maidir le LEE.

II

(Faisnéis)

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN COIMISIÚN EORPACH

Reachtanna EU-SOLARIS ERIC

(2022/C 446/01)

Liosta giorrúchán

BNN	An Bord um Nóid Náisiúnta
CSP/STE	Grianfhuinneamh a Dhíriú / Grianfhuinneamh Teirmeach
ERIC	Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach
GA	Comhthionól Ginearálta
CMI	Cearta maoine intleachtúla
MD	Stiúrthóir Bainistíochta
RI	Bonneagar Taighde
T&F	Taighde agus Forbairt
CET	An Coiste Eolaíoch agus Teicniúil
SLA	Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse

BROLLACH

Poblacht na Fraince,

Ríocht na Spáinne,

Poblacht Chónaidhme na Gearmáine,

agus

Poblacht na Cipire,

Dá ngairtear “na Comhaltaí” anseo feasta,

agus

Poblacht na Portaingéile,

(Dá ngairtear “an Breathnóir” anseo feasta),

AG FÉACHAINT DON MHÉID SEO A LEANAS:

go bhfuil gné Eorpach ag baint le grianfhuinneamh a fhorbairt, go háirithe agus córais dírithe a úsáid, rud a éilíonn comhaontas láidir idir foirne taighde Eorpacha ag a bhfuil fócas faoi leith ar *Bhonneagair Thaighde* (RI) d’fhonn an éifeachtúlacht taighde agus an fhorbairt teicneolaíochta a fheabhsú;

AG AITHINT DI

go bhfuil sé d'aidhm ag tionscnamh EU SOLARIS naisc dhaonna agus eolaíocha a neartú idir na tíortha sínithe chun taighde agus nuálaíochtaí a chur chun cinn agus a spreagadh chun teicneolaíochtaí **Díriú Grianteasa / Grianfhuinneamh Teirmeach** (CSP/STE) a fhorbairt ar bhealach inbhuanaithe ar an leibhéal Eorpach;

DE BHARR AN MÉID SEO A LEANAS

tá na Comhaltaí ag comhoibriú le roinnt blianta i réimse an taighde ar chórais CSP/STE chun an fuinneamh sin a athrú go héifeachtúil ina iompróirí cumhachta leictrí agus fuinnimh in-athnuaite, chun é a stóráil, chun ábhair a mhionsaothrú nó a thástáil, chun staidéar a dhéanamh ar mhodhanna iontaofa tomhais agus chun comhpháirteanna a bharrfheabhsú agus chun go mbeidh scileanna ardleibhéil acu agus chun bonneagair thaighde chomhlántacha a oibriú;

DE BHARR AN MÉID SEO A LEANAS

is iad seo a leanas spriocanna Chomhaltaí an chuibhreannais:

— A bheith ina chuibhreannas de bhonneagar taighde dáilte (bonneagar taighde a bhfuil níos mó ná suíomh gréasáin amháin aige) ar theicneolaíochtaí CSP/STE chun an phunann bonneagair eolaíochta is iomláine agus ar ardcháilíocht a sholáthar ar an leibhéal idirnáisiúnta, agus taighdeoirí ón saol acadúil agus ón tionscal araon a éascú maidir le rochtain ar bhonneagar taighde ardspeisialaithe.

— Na pobail eolaíochta, ollscolaíochta agus thionsclaíocha Eorpacha a bhfuil baint acu leis an earnáil CSP/STE a nascadh le chéile.

— Bainistíocht acmhainní éifeachtúil a sholáthar chun dúbailt agus athrá teicneolaíochta nach bhfuil gá leo a sheachaint.

— An Eoraip a choinneáil ar thús cadhnaíochta i bhforbairt teicneolaíochtaí CSP/STE ar fud an domhain

COMHAONTAÍONN SIAD MAR A LEANAS:

CAIBIDIL I

EILIMINTÍ RIACHTANACHA AGUS BEARTAS SONRAÍ

Airteagal 1

Ainm agus suíomh

1. Cruthaítear Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC), faoin ainm "Bonneagar Taighde Gréine na hEorpa do Dhíriú Grianteasa" ("EU SOLARIS ERIC" anseo feasta), de bhun fhorálacha Rialachán (CE) Uimh. 723/2009 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2009 maidir le Creat dlíthiúil an Chomhphobail maidir le Cuibhreannas don Bhonneagar Taighde Eorpach (ERIC) ([1]) (dá ngairtear "Rialachán ERIC" anseo feasta).

2. Tá oifig chláraithe EU-SOLARIS ERIC bunaithe in Almería na Spáinne.

Airteagal 2

Fís, misean agus cuspóirí straitéiseacha

1. Bunóidh agus oibreoidh EU-SOLARIS ERIC bonneagar taighde dáilte den chéad scoth um Dhíriú Grianteasa / Grianfhuinneamh Teirmeach (CSP/STE) a bhunófar mar mhol lárnach a bheidh freagrach as oibriú comhordaithe na lárionad taighde náisiúnta i dteicneolaíochtaí CSP/STE, a dhéanfaidh cuid dá n-inniúlachtaí taighde agus forbartha a thiomnú do EU-SOLARIS ERIC, agus inneachar, uirlisí agus fios gnó a bhaineann le teicneolaíochtaí CSP/STE á roinnt.

2. Leanfaidh gach saoráid taighde atá mar chuid de ERIC de bheith ina maoin lena n-institiúidí chomh maith leis na cearta chun rochtain orthu a láimhseáil agus na coinníollacha faoina ndeonaítear an rochtain sin.

3. Déanfar an ghaolmhaireacht idir EU-SOLARIS ERIC agus na lárionaid náisiúnta um thaighde a rialú trí Chomhaontuithe sonracha ar Leibhéal Seirbhíse a shíniú.

([1]) IO L 206, 8.8.2009, lch. 1.

4. Chuige sin, is iad seo a leanas críocha agus cuspóirí EU-SOLARIS ERIC.

5. Fís: A bheith mar bhonneagar taighde tagartha Eorpach i bhforbairt theicneolaíoch CSP/STE agus feidhmeanna gaolmhara.

6. Misean: Na coinníollacha is fearr a sholáthar d'fhorbairt ghníomhaíochtaí taighde CSP/STE do na pobail eolaíocha agus thionsclaíocha.

7. *Cuspóirí straitéiseacha:*

a) Príomhshuiteálacha T&F atá ann cheana san Eoraip a chomhordú, mar bhonneagar uathúil de chineál dáilte, agus an phunann bonneagair eolaíochta is iomláine agus ar ardcháilíocht a sholáthar don earnáil CSP/STE ar an leibhéal idirnáisiúnta.

b) Pointe iontrála aonair a bhunú ina ndéantar saoráidí, acmhainní agus seirbhísí taighde ardspeisialaithe a thairiscint go héifeachtach agus go barrmhaith d'úsáideoirí a éilíonn seirbhísí a bhaineann le CSP/STE.

c) An comhar idir na hinstitiúidí eolaíochta, an saol acadúil agus an tionsclaíocht a threisiú, agus taighde comhoibríoch a chothú i measc phríomh-lárionaid taighde Eorpacha na hearnála.

d) Riachtanais nua a shainaithint maidir le feabhas a chur ar na saoráidí taighde, agus i ndáil le saoráidí nua a thógáil (nuair is gá), speisialtóireacht na saoráidí atá ann cheana a bharrfheabhsú agus a chur chun cinn chun dúbláil agus athrá teicneolaíochta nach bhfuil gá leo a sheachaint.

e) Na cleachtais taighde agus thurgnamhacha is fearr a shainaithint agus a bhunú, scaipeadh oscailte na dtorthaí agus sonraí turgnamhacha a threorú agus a chomhordú aon uair is féidir, agus dá réir sin rannchuidiú le seasamh ceannaireachta na hEorpa a threisiú ar an leibhéal idirnáisiúnta.

f) An Eoraip a choinneáil ar thús cadhnaíochta agus ceannaireachta maidir le forbairt teicneolaíochtaí CSP/STE.

Airteagal 3

Cúraimí agus gníomhaíochtaí

1. Chun a chríocha agus a chuspóirí a chomhlíonadh, rachaidh EU-SOLARIS ERIC, go díreach nó trí thríú páirtithe, i mbun na ngníomhaíochtaí seo a leanas:

a) rochtain éifeachtach a dheonú ar acmhainní agus ar sheirbhísí a chuireann na Nóid Náisiúnta ar fáil, i gcomhréir leis na rialacha a bhunaítear sna Reachtanna seo, don phobal taighde agus tionsclaíoch Eorpach;

b) idir-inoibritheacht idir na Lárionaid Taighde atá speisialaithe i réimse theicneolaíochtaí CSP/STE na gComhaltaí agus na mBreathnóirí a fheabhsú;

c) dul chun cinn teicneolaíochta a bhaineann le hacmhainní agus seirbhísí atá comhlachaithe le CSP/STE a bhunú agus a chur i bhfeidhm;

d) comhaontuithe comhair a dhéanamh le tríú páirtithe;

e) oiliúint a sholáthar agus soghluaisteacht taighdeoirí a éascú chun an Limistéar Eorpach Taighde a threisiú agus a struchtúrú;

f) caidreamh idirnáisiúnta a bhunú le heagraíochtaí agus le húdaráis eile, idir chinn phoiblí nó phríobháideacha, Eorpacha agus neamh-Eorpacha, a bhfuil suim acu ina ghníomhaíochtaí agus i réimsí gaolmhara;

g) gníomhaíochtaí a chomhordú le gníomhaithe taighde agus forbartha eile san Eoraip i réimse CSP/STE;

h) aon ghníomhaíocht eile a éilítear chun críocha agus cuspóirí EU-SOLARIS ERIC a chomhlíonadh.

2. Cuirfidh EU-SOLARIS ERIC rochtain ar fáil ar phunann saoráidí taighde agus gníomhaíochtaí comhpháirteacha taighde agus forbartha trí chlár forbartha comhordaithe fadtéarmach i measc Nód Náisiúnta chun críoch neamheacnamaíoch. Mar sin féin, féadfaidh EU-SOLARIS ERIC dul i mbun gníomhaíochtaí brabúsacha teoranta, ar choinníoll:

a) go bhfuil dlúthbhaint acu lena phríomhghníomhaíochtaí, mar a leagtar amach sna Reachtanna seo; agus

b) nach gcuireann siad baint amach chríocha nó chuspóirí EU-SOLARIS ERIC i mbaol.

3. Déanfaidh EU-SOLARIS ERIC costais agus ioncaim na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin a thaifeadadh ar leithligh, agus gearrfaidh sé praghsanna margaidh orthu. Úsáidfear aon ioncam a ghintear ó na gníomhaíochtaí eacnamaíocha sin chun a chríocha a chur chun cinn.

Airteagal 4

Fad agus tionscnamh na n-oibríochtaí

Gan dochar d'fhorálacha na Reachtanna seo maidir le foirceannadh agus leachtú EU-SOLARIS ERIC, beidh sé ann ar feadh tréimhse éiginnte.

Airteagal 5

Dliteanas agus árachas

1. Beidh EU-SOLARIS ERIC freagrach as a fhiacha a ghinfear mar thoradh ar a ghníomhaíocht.

2. Beidh dliteanas airgeadais na gcomhaltaí i leith fhiacha ERIC teoranta dá ranníocaíochtaí faoi seach a sholáthraítear do ERIC.

3. Déanfaidh EU-SOLARIS ERIC árachas iomchuí a thógáil amach agus a choinneáil ar bun chun aon riosca a bhaineann le hoibriú ERIC a chumhdach.

Airteagal 6

Nós Imeachta um Fhoirceannadh agus Leachtú EU-SOLARIS ERIC

1. Cuirfidh EU-SOLARIS ERIC an Coimisiún Eorpach ar an eolas, trí mheán an Stiúrthóra Bainistíochta, faoi aon fhíorais a d'fhéadfadh dochar tromchúiseach a dhéanamh do chuspóir EU-SOLARIS ERIC nó bac a chur ar a chumas na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán ERIC a chomhlíonadh.

2. Go háirithe, déanfar EU-SOLARIS ERIC a fhoirceannadh agus a leachtú in aon cheann de na teagmhais seo a leanas:

a) de thoradh rún arna ghlacadh ag an gComhthionól Ginearálta, ag an tromlach arna bhunú sna Reachtanna seo; nó

b) de thoradh cinneadh arna thabhairt ag an gCoimisiún Eorpach, sna téarmaí dá ndéantar foráil i Rialachán ERIC.

3. Is mar seo a leanas a bheidh an nós imeachta:

a) Cuirfidh Stiúrthóir Bainistíochta EU-SOLARIS ERIC an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi chinneadh an Chomhthionóil Ghinearálta EU-SOLARIS ERIC a fhoirceannadh agus a leachtú, laistigh de 10 lá tar éis an dáta a nglacfar an rún.

b) Gan dochar d'Airteagal 5 de na Reachtanna, aon sócmhainn agus dliteanas a bheidh fágtha tar éis fiacha EU-SOLARIS ERIC a bheith íoctha, cionroinnfear ar na Comhaltaí iad i gcoibhneas lena ranníocaíocht charntha le EU-SOLARIS ERIC tráth an díscaoilte.

c) Cuirfidh Stiúrthóir Bainistíochta EU-SOLARIS ERIC an Coimisiún Eorpach ar an eolas faoi chinneadh an Chomhthionóil Ghinearálta EU-SOLARIS ERIC a fhoirceannadh agus a leachtú, laistigh de 10 lá tar éis an dáta a nglacfar an rún.

d) Scoirfidh EU-SOLARIS ERIC de bheith ann an lá a fhoilseoidh an Coimisiún Eorpach an fógra iomchuí in Iris *Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*

e) I gcás nach mbeidh EU-SOLARIS ERIC in ann a fhiacha a íoc tráth ar bith le linn dó a bheith ann, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún Eorpach láithreach i gcomhréir le hAirteagal 16(4) de Rialachán (CE) Uimh. 723/2009.

Airteagal 7

Beartas rochtana d'úsáideoirí

1. Déanfaidh EU-SOLARIS ERIC rochtain eolaíoch atá bunaithe ar fhiúntas a chur chun cinn ar na seirbhísí agus ar na bonneagair a thacaíonn agus a spreagann barr feabhais i dtaighde i réimse gníomhaíochta EU-SOLARIS ERIC, chomh maith le cultúr feabhsuithe praiticiúla trí ghníomhaíochtaí oiliúna.

2. Beidh rochtain ar EU-SOLARIS-ERIC ar fáil do gach cineál úsáideora, lena n-áirítear ó gach tír Eorpach agus neamh-Eorpach, ach ní gá go mbeadh sé saor in aisce. Cuirfear iarrataí faoi phróiseas cuíchóirithe ina mbeidh seiceálacha incháilitheachta agus indéantachta i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na critéir mheastóireachta.

3. Déanfar na nósanna imeachta agus na critéir mheastóireachta lena ndeonaítear nó lena dteorannaítear rochtain ar shonraí agus uirlisí bhonneagar EU-SOLARIS ERIC, agus costas na rochtana sin, a shainiú sna rialacha rochtana nó sna rialacháin inmheánacha a dhéanfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta a tharraingt suas agus arna bhformheas ag an gComhthionól Ginearálta, tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch agus Teicniúil (CET) agus leis an mBord um Nóid Náisiúnta (BNN).

4. Cuirfear nósanna imeachta agus critéir mheastóireachta ar fáil go poiblí ar shuíomh gréasáin EU-SOLARIS ERIC.

5. Soláthróidh EU-SOLARIS ERIC rialacha rochtana agus treoirlínte d'úsáideoirí bhonneagar EU-SOLARIS ERIC chun a ráthú go n-aithneoidh agus go n-urramóidh an taighde a dhéanfar trí úsáid a bhaint as acmhainní bonneagair EU-SOLARIS ERIC ar le Lárionaid Taighde na mBallstáit iad (mar a luaitear in Airteagal 2 de na Reachtanna), cearta maoine, príobháideachas, eitic agus cosaint bhonneagar taighde agus sonraí an úinéara, chomh maith leis na hoibleagáidí maidir le sicréideacht agus rúndacht, agus go gcomhlíonfaidh úsáideoirí na coinníollacha rochtana, na bearta slándála agus bainistíocht fhaisnéis na n-institiúidí taighde atá rannpháirteach i mbonneagar EU-SOLARIS ERIC.

Airteagal 8

Beartas um Meastóireacht Eolaíoch

Cuirfear san áireamh sa nós imeachta um measúnú eolaíoch ar na tionscadail a lorgaíonn rochtain ar bhonneagar EU-SOLARIS ERIC fiúntas eolaíoch, riachtanais na hearnála nach bhfuiltear ag freastal orthu agus an úsáid agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann san earnáil, agus beidh sé bunaithe ar phrionsabail na trédhearcachta, an chothromais agus na neamhchlaontachta. Saineofar an nós imeachta sin i rialacháin inmheánacha, a dhéanfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta a tharraingt suas agus arna bhformheas ag an gComhthionól Ginearálta, tar éis dul i gcomhairle le CET agus le BNN.

Airteagal 9

Beartas um Scaipeadh

1. Déanfaidh EU-SOLARIS ERIC bearta iomchuí chun a bhonneagar agus a úsáid i dtaighde agus in aon seirbhís a bhaineann le cuspóirí EU-SOLARIS ERIC a chur chun cinn.

2. Déanfaidh EU-SOLARIS ERIC scaipeadh agus malartú na dtorthaí a fhaightear trí úsáid a bhaint as a bhonneagar taighde a chur chun cinn.

3. Gan dochar do Chearta Maoine Intleachtúla féideartha, áiritheoidh EU-SOLARIS ERIC go gcuirfidh a chuid úsáideoirí torthaí an taighde a dhéantar ag bonneagair ERIC ar fáil don phobal agus go ndéanfaidh siad amhlaidh trí EU-SOLARIS ERIC, i gcomhréir le téarmaí agus coinníollacha deontas Eorpach agus náisiúnta. Ní bheidh feidhm aige sin maidir le gníomhaíochtaí T&D a dhéanann na Lárionaid Taighde agus a mbonneagair féin á n-úsáid acu lasmuigh de raon feidhme ERIC.

4. Saineofar sa bheartas um scaipeadh na grúpaí éagsúla spriocanna, agus úsáidfidh EU-SOLARIS ERIC na bealaí uile laistigh dá raon feidhme chun a áirithiú go ndéanfar an scaipeadh is mó is féidir eatarthu.

Airteagal 10

Beartas um Chearta Maoine Intleachtúla

1. Na Cearta Maoine Intleachtúla (dá ngairtear "CMI" anseo feasta), a chruthaíonn, a fhaigheann nó a fhorbraíonn EU-SOLARIS ERIC, dílseoidh siad do EU-SOLARIS ERIC agus beidh siad faoi úinéireacht iomlán aige. Mar sin féin, féadfar tréimhsí teoranta Sonraí Dílseánaigh a dhámhachtain ar úsáideoirí.

2. Gan dochar do na coinníollacha arna mbunú sna conarthaí a dhéantar idir EU-SOLARIS ERIC agus Comhaltaí nó Breathnóirí, is leis an gComhalta nó leis an mBreathnóir sin a bheidh an CMI ar fad a chruthóidh, a eascróidh, a gheobhaidh nó a fhorbróidh foireann an Chomhalta nó foireann an Bhreathnóra.

3. I ndáil le ceisteanna CMI, déanfar an caidreamh idir Comhaltaí agus Breathnóirí EU-SOLARIS ERIC a rialú le reachtaíocht náisiúnta na gComhaltaí agus na mBreathnóirí faoi seach agus le comhaontuithe idirnáisiúnta ar pháirtithe iontu iad na Comhaltaí agus na Breathnóirí.

4. Beidh forálacha na Reachtanna sin agus na rialachán inmheánach gan dochar don CMI cúlra atá faoi úinéireacht Comhaltaí agus Breathnóirí.

5. Déanfaidh Comhaltaí EU-SOLARIS ERIC beartas agus rialacháin CMI EU-SOLARIS a chomhaontú agus a fhormheas, tríd an gComhthionól Ginearálta, faoi thogra ón Stiúrthóir Bainistíochta agus tar éis dul i gcomhairle le CET agus le BNN. Cinnfear leis an rialachán maidir le CMI na rialacha EU-SOLARIS ERIC a bhaineann le CMI EU-SOLARIS ERIC a shainaithint, a chosaint, a bhainistiú agus a chothabháil, lena n-áirítear rochtain ar na cearta sin.

6. Féadfaidh BNN moladh a thabhairt don Stiúrthóir Bainistíochta maidir le comhaontuithe leis na lárionaid bhonneagair náisiúnta agus leis na cuibhreannais náisiúnta i ndáil le bonneagar taighde EU-SOLARIS ERIC chun a ráthú go mbeidh rochtain ag na heintitis sin, agus ag tríú páirtithe, ar eolas eolaíoch bhonneagar taighde EU-SOLARIS ERIC.

Airteagal 11

Beartas fostaíochta

1. Comhlíonfaidh EU-SOLARIS ERIC prionsabal an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe.

2. Dá dhroim sin, ina bheartas maidir le pearsanra a earcú, cuirfidh EU-SOLARIS ERIC comhdheiseanna ar fáil agus staonfaidh sé ó idirdhealú a dhéanamh in aghaidh daoine atá bunaithe ar inscne, cine, creideamh, idé-eolaíocht, míchumas, gnéaschlaonadh nó aon chritéar eile a mheastar a bheith idirdhealaitheach i gcomhréir le dlí an Aontais.

3. Féadfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta modhnuithe ar rialacháin inmheánacha fostaíochta a mholadh, faoi fhormheas an Chomhthionóil Ghinearálta i gcónaí.

Airteagal 12

Beartas um sholáthar

1. Agus soláthar á dhéanamh cuirfidh EU-SOLARIS ERIC cóir chothrom agus neamh-idirdhealaitheach i bhfeidhm do na tairgeoirí uile, do na daoine a thairgeann earraí agus do na daoine a sholáthraíonn seirbhísí. Comhlíonfaidh beartas soláthair EU-SOLARIS ERIC prionsabail na trédhearcachta, an neamh-idirdhealaithe agus na hiomaíochta.

2. Agus conarthaí á ndámhachtain, bunóidh an Stiúrthóir Bainistíochta rialacháin agus critéir inmheánacha mhionsonraithe chun trédhearcacht, comhionannas agus neamh-idirdhealú a áirithiú. Ní mór na rialacha sin a bheith formheasta ag an gComhthionól Ginearálta.

3. Beidh an Stiúrthóir Bainistíochta freagrach as soláthar uile EU-SOLARIS ERIC. Chun na críche sin, comhlíonfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta na rialacháin soláthair náisiúnta agus Eorpacha is infheidhme ag an am. Ba cheart na tairiscintí go léir a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin EU-SOLARIS ERIC. Ba cheart an cinneadh chun conradh a dhámhachtain a fhoilsiú agus ba cheart údar iomlán a bheith san áireamh leis.

Airteagal 13

Beartas sonraí

1. Tabharfar tús áite do phrionsabail na *Foinse Oscailte* agus na *Rochtana Oscailte,* de réir phrionsabail FAIR (In-aimsitheacht, Inrochtaineacht, Idir-inoibritheacht agus In-athúsáidteacht).

2. Soláthróidh EU-SOLARIS ERIC treoraíocht d'úsáideoirí (lena n-áirítear trí shuíomh gréasáin) chun a áirithiú go mbeidh an taighde a dhéanfar agus úsáid á baint as ábhar a chuirtear ar fáil trí EU-SOLARIS ERIC á dhéanamh laistigh de chreat a aithníonn cearta na n-úinéirí sonraí agus príobháideachas an duine aonair.

3. Áiritheoidh EU-SOLARIS ERIC go n-aontóidh úsáideoirí leis na téarmaí agus na coinníollacha lena rialaítear rochtain agus go bhfuil socruithe slándála oiriúnacha i bhfeidhm maidir le stóráil agus láimhseáil inmheánach.

4. Saineoidh EU-SOLARIS ERIC socruithe chun líomhaintí maidir le sáruithe slándála agus nochtuithe rúndachta maidir le sonraí taighde a imscrúdú.

5. Déanfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta na rialacháin inmheánacha maidir leis an mBeartas Sonraí i ndáil le húsáideoirí bhonneagar EU-SOLARIS ERIC, na nóid náisiúnta agus tríú páirtithe amhail ollscoileanna, lárionaid taighde agus tionscal a chur faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta lena bhformheas, gan dochar do CMI atá ann cheana.

CAIBIDIL II

COMHALTAÍ AGUS BREATHNÓIRÍ

Airteagal 14

Comhaltaí agus Breathnóirí

1. Féadfaidh na heintitis seo a leanas a bheith ina gComhaltaí nó ina mBreathnóirí ar EU-SOLARIS ERIC:

a) Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh;

b) Tíortha Comhlachaithe, mar a shainmhínítear sa Rialachán ERIC;

c) Tríú tíortha, nach ionann iad agus na Tíortha Comhlachaithe; agus

d) Eagraíochtaí idir-rialtasacha.

2. Tabharfar cead isteach do bhreathnóirí go ceann uasmhéid 2 bhliain, mura gcomhaontóidh an Comhthionól Ginearálta síneadh a chur leis.

3. Is iad Comhaltaí agus Breathnóirí EU-SOLARIS ERIC na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I de na Reachtanna seo.

Airteagal 15

Ionadaíocht na gComhaltaí agus na mBreathnóirí

1. Déanfaidh suas le 2 Ionadaí ionadaíocht thar ceann gach Comhalta nó Breathnóra ag an gComhthionól Ginearálta, agus feidhmeoidh siad cearta agus oibleagáidí gach Comhalta nó Breathnóra sna téarmaí dá bhforáiltear sna Reachtanna seo. Ní mór go ndéanfar an tIonadaí a bhfuil cearta vótála an Chomhalta aige a shainaithint go cuí. Féadfaidh institiúidí poiblí náisiúnta nó réigiúnacha nó eintitis phríobháideacha a dhéanann seirbhís phoiblí a bheith ina nIonadaithe do na Comhaltaí agus Breathnóirí.

2. Cuirfidh gach Comhalta nó Breathnóir an Stiúrthóir Bainistíochta ar an eolas faoin gcomhlacht nó faoi na comhlachtaí a dhéanfaidh ionadaíocht thar a cheann in EU-SOLARIS ERIC agus déanfaidh siad é nó iad a shainaithint go hoifigiúil.

3. Ní mór don Chomhalta nó don Bhreathnóir atá i gceist an Stiúrthóir Bainistíochta a chur ar an eolas faoi aon mhodhnú ar na hIonadaithe oifigiúla trí chainéil oifigiúla.

Airteagal 16

Cearta na gComhaltaí agus na mBreathnóirí

1. Is iad seo a leanas cearta **Chomhaltaí** EU-SOLARIS ERIC, gan dochar dá bhforbairt i bhforálacha eile de na Reachtanna seo:

a) tá vóta aonair ag gach Comhalta, de réir fhorálacha Airteagal 26 de na Reachtanna seo nuair nach bhfuil tromlach na gceart vótála ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus ag na Tíortha Comhlachaithe i gcomhpháirt

b) an ceart chun freastal ar chruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta;

c) an ceart vótála sna nósanna imeachta don Chomhthionól Ginearálta chun rúin a ghlacadh, mar a fhoráiltear sna Reachtanna seo;

d) an ceart go ndéanfadh Comhalta eile ionadaíocht thar a cheann ag cruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta;

e) an ceart chun Ionadaithe a ainmniú, mar a fhoráiltear sna Reachtanna seo;

f) an ceart chun comhaltaí na gcomhlachtaí EU-SOLARIS ERIC a mholadh agus a thoghadh

g) an ceart chun faisnéis a fháil le haghaidh faireachán ceart a dhéanamh ar éabhlóidiú EU-SOLARIS ERIC;

h) an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne rúin arna nglacadh ag comhlachtaí rialaithe EU-SOLARIS ERIC, i gcás inar glacadh rúin den sórt sin de shárú ar an dlí is infheidhme, ar na Reachtanna seo nó ar aon rialacháin inmheánacha eile lena bhforbraítear an méid sin. Feidhmeofar an ceart sin laistigh de 3 mhí go dtí an dáta a nglacfar an rún;

i) an ceart chun ranníocaíochtaí deonacha a dhéanamh i dteannta na ranníocaíochtaí éigeantacha (comhchineáil nó in airgead tirim) i bhfabhar EU-SOLARIS ERIC;

j) an ceart chun páirt ghníomhach a ghlacadh sna gníomhartha agus sna himeachtaí a eagraíonn EU-SOLARIS ERIC nó ina bhfuil sé rannpháirteach;

k) an ceart chun tarraingt siar sna téarmaí a bhunaítear in Airteagal 19 de na Reachtanna seo; agus

l) an ceart chun an cuóta leachtaithe a fháil a d'fhéadfadh a bheith comhfhreagrach dó mar thoradh ar fhoirceannadh agus dul faoi leachtú EU-SOLARIS ERIC.

2. Is iad seo a leanas cearta **Bhreathnóirí**, EU-SOLARIS ERIC' gan dochar d'fhorbairt na gceart sin i bhforálacha eile de na Reachtanna seo:

a) an ceart chun freastal, ach gan vótáil, ag cruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta;

b) an ceart chun suas le 2 ionadaí a ainmniú ag an gComhthionól Ginearálta, faoi na téarmaí dá ndéantar foráil sna Reachtanna seo;

c) an ceart chun ranníocaíochtaí deonacha a dhéanamh le EU-SOLARIS ERIC;

d) ceart chun tarraingt siar sna téarmaí a bhunaítear in Airteagal 19 de na Reachtanna seo.

Airteagal 17

Oibleagáidí na gComhaltaí agus na mBreathnóirí

1. Oibleagáidí atá de dhualgas ar **Chomhaltaí** EU-SOLARIS ERIC:

a) an ranníocaíocht airgeadais a fhreagraíonn do gach Comhalta a íoc gach bliain, de bhun fhorálacha na Reachtanna seo;

b) suas le 2 ionadaí a ainmniú ionas gur féidir ionadaíocht a dhéanamh ar an gComhalta i gceist ag an gComhthionól Ginearálta;

c) lánchumhachtaí a thabhairt dá nIonadaithe vótáil ag na cruinnithe a thionólann Comhthionól Ginearálta EU-SOLARIS ERIC, agus ceangal a chur ar gach Comhalta lena gcinntí agus lena vótaí;

d) rochtain ar sheirbhísí agus ar bhonneagar EU-SOLARIS ERIC a chur chun cinn agus a éascú dá bpobal eolaíochta, faoi na téarmaí dá ndéantar foráil sna Reachtanna seo agus i rialacháin inmheánacha eile lena bhforbraítear an méid sin;

e) an CMI a ghintear faoi chreat EU-SOLARIS ERIC a chosaint agus a úsáid i gceart de réir a bheartais CMI;

f) rúndacht na faisnéise ar a bhféadfaidh rochtain a bheith ag na Comhaltaí agus a Lárionaid Taighde a choimeád nuair a dhearbhófar gur faisnéis rúnda nó faisnéis inmheánach í an fhaisnéis a chomhroinntear,

2. Ina theannta sin, déanfaidh gach Comhalta, laistigh de na modhanna atá ar fáil, cibé bearta is gá chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) timpeallacht chomhoibrithe a spreagadh agus naisc a neartú idir EU-SOLARIS ERIC agus a ghrúpaí spéise éagsúla, amhail an pobal eolaíochta, an Tionsclaíocht agus an tSochaí;

b) EU-SOLARIS ERIC a chur chun cinn mar bhonneagar taighde tagartha san earnáil;

c) dul i gcomhar agus páirt a ghlacadh sna himeachtaí éagsúla agus sna gníomhartha éagsúla cumarsáide agus poiblíochta a eagraíonn EU-SOLARIS ERIC;

3. Oibleagáidí atá ar **Bhreathnóirí** EU-SOLARIS ERIC:

a) suas le 2 ionadaí a ainmniú ionas gur féidir leis an mBreathnóir atá i gceist freastal ar an gComhthionól Ginearálta;

b) rochtain ar sheirbhísí agus ar bhonneagar EU-SOLARIS ERIC a chur chun cinn agus a éascú dá bpobal eolaíochta, faoi na téarmaí dá ndéantar foráil sna Reachtanna seo agus i rialacháin inmheánacha eile lena bhforbraítear an méid sin;

c) rúndacht na faisnéise ar a bhféadfadh rochtain a bheith ag na Breathnóirí agus ag a Lárionaid Taighde a choimeád nuair a dhearbhófar gur faisnéis rúnda nó faisnéis inmheánach í an fhaisnéis a chomhroinntear.

4. Ina theannta sin, déanfaidh gach Breathnóir, laistigh de na modhanna atá ar fáil, cibé bearta is gá chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

a) timpeallacht chomhoibrithe a spreagadh agus naisc a neartú idir EU-SOLARIS ERIC agus a ghrúpaí spéise éagsúla, amhail an pobal eolaíochta, an tionsclaíocht agus an tsochaí, agus;

b) dul i gcomhar agus páirt a ghlacadh sna himeachtaí éagsúla agus sna gníomhartha éagsúla cumarsáide agus poiblíochta a eagraíonn EU-SOLARIS ERIC.

c) EU-SOLARIS ERIC a chur chun cinn mar bhonneagar taighde tagartha san earnáil;

Airteagal 18

Comhaltaí agus Breathnóirí nua a ionchorprú

1. Féadfaidh na heintitis a chomhlíonann na réamhriachtanais a bhunaítear in Airteagal 14 de na Reachtanna seo dul isteach in EU-SOLARIS ERIC mar Chomhaltaí nó Breathnóirí nua.

2. Déanfar an nós imeachta a thionscnamh arna iarraidh sin don iarratasóir trí litir a chur isteach chuig an Stiúrthóir Bainistíochta.

3. Cuirfidh an Stiúrthóir Bainistíochta an fhaisnéis agus an doiciméadacht go léir a sholáthraíonn an tIarratasóir faoi bhráid na gComhaltaí, agus féadfaidh síneadh nó soiléiriú a bheith ag teastáil ina leith ón Iarratasóir.

4. Má dhiúltaíonn an tIarratasóir an fhaisnéis nó an doiciméadacht sin a chur isteach, nó má chuireann sé moill gan údar ar an bhfaisnéis nó an doiciméadacht sin a chur isteach, déanfar é sin a fhorléiriú mar tharscaoileadh ar iarratas an Iarratasóra ar dhul isteach in EU-SOLARIS ERIC.

5. Nuair a bheidh an nós imeachta faisnéise tugtha i gcrích, tabharfaidh an Comhthionól Ginearálta le fios d'aon toil cé acu ar formheasadh nó nár formheasadh iarratas an Iarratasóra chun bheith ina Chomhalta nó ina Bhreathnóir.

Airteagal 19

Comhaltaí agus Breathnóirí a tharraingt siar go deonach

1. I gcás Comhalta, ní mór iarraidh ar tharraingt siar a sholáthar 12 mhí ar a laghad roimh an tarraingt siar atá beartaithe. Ní bheidh éifeacht ag an tarraingt siar sin ach amháin ó dheireadh bliana airgeadais.

2. Tar éis 2-bhliain i ndiaidh a n-ionchorpraithe in EU-SOLARIS ERIC, féadfaidh Breathnóirí tarraingt siar ag deireadh bliana airgeadais, tar éis iarraidh a cuireadh isteach 12 mhí roimh an tarraingt siar.

3. Comhlíonfaidh Comhaltaí agus Breathnóirí oibleagáidí airgeadais agus oibleagáidí eile sula dtiocfaidh a n-aistarraingt in éifeacht

Airteagal 20

Foirceannadh Comhaltaí agus Breathnóirí

1. Beidh sárú ar aon cheann de na hoibleagáidí seo a leanas ina fhorais mhaithe le foirceannadh Comhaltaí nó Breathnóirí:

a) neamhíoc na ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla nó moill arís agus arís eile gan údar maidir le híoc na ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla sin;

b) aon sárú eile ar na hoibleagáidí faoi na Reachtanna seo a dhéanann difear do chríocha agus cuspóirí EU-SOLARIS ERIC a bhaint amach.

2. Arna iarraidh sin ag an Stiúrthóir Bainistíochta nó ag na Comhaltaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann aon triain (1/3) de chearta vótála EU-SOLARIS ERIC, iarrfar ar an gComhthionól Ginearálta tuairim a thabhairt maidir leis an gComhalta nó an Breathnóir a bhfuil sárú curtha ina leith a eisiamh.

3. Comhaontóidh an Comhthionól Ginearálta an Comhalta nó an Breathnóir i gceist a eisiamh nó gan é a eisiamh, i gcomhréir leis an gcóras tromlaigh atá bunaithe sna Reachtanna seo.

4. In aon chás, ráthófar an ceart chun leighis, éisteachta agus cosanta don Chomhalta nó don Bhreathnóir a bhfuil sárú curtha ina leith, sula nglacfaidh an Comhthionól Ginearálta an rún comhfhreagrach.

5. D'ainneoin na bhforálacha a leagtar amach sna ranna roimhe seo, scoirfidh aon Chomhalta nó Breathnóir EU-SOLARIS ERIC den stádas sin a shealbhú láithreach agus go huathoibríoch mura gcomhlíontar a thuilleadh na réamhriachtanais a bhunaítear in Airteagal 5 de na Reachtanna seo.

6. Ní dhéanfaidh an foirceannadh i gcás ar bith, sna téarmaí dá ndéantar foráil sna rialacháin a bhfuil feidhm acu maidir le EU-SOLARIS ERIC, aon cheart chun cúitimh i leith damáistí a chruthú i bhfabhar an Chomhalta nó an Breathnóra eisiata.

Airteagal 21

Cearta na gComhaltaí agus na mBreathnóirí a chur ar Fionraí

1. D'ainneoin fhorálacha an airteagail roimhe seo, agus ar na cúiseanna céanna, féadfaidh an Comhthionól Ginearálta a chomhaontú, tríd an tromlach dá ndéantar foráil sna Reachtanna, cearta vótála na gComhaltaí, a nIonadaithe agus aon duine eile arna gceapadh acu ar na comhlachtaí rialaithe agus comhairleacha éagsúla EU-SOLARIS ERIC a chur ar fionraí.

2. Maidir le Breathnóirí, is éard a bheidh san fhionraíocht sin go mbainfear de na Breathnóirí, dá nIonadaithe agus d'aon duine eile arna gceapadh acu a gceart freastal ar chruinnithe na gcomhlachtaí éagsúla rialaithe agus comhairleacha EU-SOLARIS ERIC.

3. Is éard a bheidh i gceist freisin le fionraíocht an Chomhalta nó an Bhreathnóra na pribhléidí a thugtar sna Reachtanna seo do phobail úsáideoirí an Chomhalta agus/nó an Breathnóra i gceist a chur ar fionraí, maidir leis na seirbhísí arna dtairiscint ag EU-SOLARIS ERIC a úsáid agus rochtain ar na bonneagair arna n-oibriú ag EU-SOLARIS ERIC. Dá bhrí sin, agus fad a mhairfidh fionraíocht an Chomhalta agus/nó an Breathnóra, beidh rochtain a bpobal eolaíoch agus tionsclaíoch faoi seach ar sheirbhísí agus ar bhonneagair EU-SOLARIS ERIC mar an gcéanna leis an rochtain a thairgtear d'aon tríú páirtí lasmuigh de EU-SOLARIS ERIC.

4. Leis an tromlach céanna, féadfaidh an Comhthionól Ginearálta deireadh a chur ar an bhfionraíocht réamhluaite, tar éis don Stiúrthóir Bainistíochta a fhíorú gur réitigh an Comhalta nó Breathnóir a cuireadh ar fionraí na sáruithe as ar eascair an fhionraíocht sin.

5. In aon chás, ráthófar an ceart chun leighis, éisteachta agus cosanta don Chomhalta nó don Bhreathnóir a bhfuil sárú curtha ina leith, sula nglacfaidh an Comhthionól Ginearálta an rún comhfhreagrach.

6. Ní chuirfidh fionraíocht an Chomhalta nó an Bhreathnóra atá i gceist cosc ar an gComhthionól Ginearálta cinneadh a dhéanamh ar deireadh é a fhoirceannadh, sna téarmaí dá bhforáiltear in Airteagal 20 thuas.

7. Ní chruthóidh an fhionraíocht, i gcás ar bith, sna téarmaí dá bhforáiltear sna rialacháin a mbíonn feidhm acu maidir le EU-SOLARIS ERIC, aon cheart ná cúiteamh as damáistí i bhfabhar an Chomhalta nó an Bhreathnóra a cuireadh ar fionraí.

CAIBIDIL III

RIALACHAS EU-SOLARIS ERIC

Airteagal 22

Comhlachtaí rialaithe EU-SOLARIS ERIC

1. Beidh ERIC á rialú agus á riar ag an gComhthionól Ginearálta, ar a mbeidh ionadaithe Chomhaltaí agus Bhreathnóirí EU-SOLARIS ERIC.

2. Beidh an Stiúrthóir Bainistíochta ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin agus ionadaí dlíthiúil EU-SOLARIS ERIC, agus ceapfaidh an Comhthionól Ginearálta é.

Airteagal 23

Comhlachtaí comhairleacha agus coistí tacaíochta EU-SOLARIS ERIC

1. Tabharfaidh na comhlachtaí comhairleacha seo a leanas, ar a laghad, cúnamh do chomhlachtaí rialaithe EU-SOLARIS ERIC:

a) tabharfaidh an Coiste Eolaíoch agus Teicniúil cúnamh don Chomhthionól Ginearálta, agus

b) tabharfaidh an Bord um Nóid Náisiúnta tacaíocht don Stiúrthóir Bainistíochta

2. Is féidir comhlachtaí comhairleacha eile a chruthú, go buan nó le haghaidh tionscadal nó ábhar sonrach, i rún lena nglacann an Comhthionól Ginearálta in éineacht leis an tromlach comhfhreagrach.

Airteagal 24

Ról an Chomhthionóil Ghinearálta

Is é an Comhthionól Ginearálta comhlacht rialaithe uachtarach EU-SOLARIS ERIC, a dhéanann cinntí ar ábhair is gá chun críocha agus cuspóirí EU-SOLARIS ERIC a bhaint amach agus ar aon ábhar a fhorchoimeádtar go sonrach don Chomhthionól Ginearálta sna Reachtanna seo.

Airteagal 25

Feidhmiú an Chomhthionóil Ghinearálta

1. Mura bhforáiltear go sainráite sna Reachtanna seo, rialófar an córas ar fheidhmiú an Chomhthionóil Ghinearálta leis na rialacháin inmheánacha a shainmhínítear go sonrach ina leith.

2. Toghfaidh an Comhthionól Ginearálta Cathaoirleach agus Leas-Chathaoirleach amháin ó thoscaireachtaí na gComhaltaí agus trí bhíthin **tromlach cáilithe**. Gabhfaidh an Leas-Chathaoirleach in ionad an Chathaoirligh nuair a bheidh sé/sí as láthair agus i gcás ina mbeidh coinbhleacht leasa ann. Toghfar an Cathaoirleach agus an Leas-Chathaoirleach go ceann tréimhse oifige nach faide ná 3 bliana. Ceadófar atoghadh uair amháin le haghaidh dara téarma nach faide ná 3 bliana.

3. Beidh cruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta ina ngnáthchruinnithe nó ina gcruinnithe neamhghnácha. Reáchtálfar gnáthchruinnithe dhá uair sa bhliain ar a laghad, ag amanna den bhliain a aontófar ina Rialachán Inmheánach, agus beidh ceann amháin de na cruinnithe tráth nach déanaí ná 2 mhí tar éis cuntais bhliantúla den Bhliain Airgeadais roimhe sin a sheoladh chuig na Comhaltaí. Is cruinnithe neamhghnácha iad gach ceann eile.

4. Beidh cruinnithe an Chomhthionóil Ghinearálta le córam má tá dhá thrian (2/3) de na Comhaltaí i láthair nó ar a ndéantar ionadaíocht fhoirmiúil ag an gcruinniú.

5. Féadfaidh Cathaoirleach an Chomhthionóil Ghinearálta cinneadh a dhéanamh tar éis thréimhse fógra 14 lá ar a laghad a sholáthar do Chomhaltaí cruinnithe neamhghnácha a ghairm tráth ar bith, nó má fhaigheann sí/sé i scríbhinn iarraidh mar sin ón Stiúrthóir Bainistíochta, nó ón gceathrú cuid (1/4) de na Comhaltaí ar a laghad.

6. Glacfaidh an Comhthionól Ginearálta, ag a dhara cruinniú, an Plean Straitéiseach, a ullmhóidh an Stiúrthóir Bainistíochta i gcomhairle leis an gCoiste Eolaíoch agus Teicniúil agus leis an mBord um Nóid Náisiúnta. Saineofar sa Phlean Straitéiseach an straitéis eolaíoch ghinearálta do EU-SOLARIS ERIC. Glacfaidh an Comhthionól Ginearálta nuashonruithe leathbhliantúla ar an bPlean Straitéiseach.

Airteagal 26

Glacadh rún ag an gComhthionól Ginearálta

1. De bhun fhorálacha Rialachán ERIC, ba cheart ar a laghad tromlach na gceart vótála ag an gComhthionól Ginearálta a bheith ag Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh agus ag na Tíortha Comhlachaithe i gcomhpháirt. Dá dheasca sin, má tá níos lú ná leath de Chomhaltaí EU-SOLARIS ERIC ina mBallstáit de chuid an Aontais Eorpaigh nó ina dTíortha Comhlachaithe, coinníonn siad i gcomhpháirt 51 % de na vótaí ar bun agus beidh an cuóta rannpháirtíochta céanna ag gach Ballstát de chuid an Aontais Eorpaigh nó gach Tír Chomhlachaithe sa 51 % sin de na vótaí. Dáilfear na vótaí atá fágtha go cothrom idir na Comhaltaí eile.

2. Déanfaidh an Comhthionól Ginearálta a dhícheall chun comhréiteach maidir le gach cinneadh a bhaint amach. Mura mbaintear comhréiteach amach, glacfar na rúin trí bhíthin **thromlach simplí** vótaí na gComhaltaí atá i láthair nó ar a ndéanfar ionadaíocht fhoirmiúil ag an gcruinniú, mura sonraítear a mhalairt i míreanna an airteagail seo a leanas.

3. D'ainneoin an mhéid thuasluaite, ba cheart na rúin a leanas a ghlacadh trí bhíthin **thromlach glan** Chomhaltaí EU-SOLARIS ERIC:

a) fionraíocht chearta Comhalta nó Breathnóra, agus deireadh á chur ar an bhfionraíocht sin;

b) cruthú, modhnú nó díothú chomhlachtaí comhairleacha EU-SOLARIS ERIC, seachas iad siúd a aithnítear in Airteagal 23;

c) cinneadh líon na gcomhaltaí, ceapadh agus dífhostú chomhaltaí an Choiste Eolaíoch agus Theicniúil;

d) formheas d'ainmniú iniúchóir EU-SOLARIS ERIC;

e) formheas Phlean Oibre EU-SOLARIS ERIC le haghaidh gach bliana;

f) formheas na Tuarascála Bliantúla maidir le buiséad agus bainistíocht airgeadais an Stiúrthóra Bainistíochta; agus

g) formheas na Tuarascála Bliantúla maidir le gníomhaíochtaí EU-SOLARIS ERIC le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

4. Anuas air sin, ba cheart na rúin seo a leanas a ghlacadh ag **tromlach cáilithe** dhá thrian (2/3) de Chomhaltaí EU-SOLARIS ERIC:

a) Ionchorprú, síneadh nó díothú Breathnóirí;

b) formheas Bhuiséad EU-SOLARIS ERIC le haghaidh gach bliain airgeadais;

c) formheas na gcuntas bliantúil le haghaidh gach bliain airgeadais agus bainistíocht eintiteas an Stiúrthóra Bainistíochta;

d) ceapadh agus dífhostú an Stiúrthóra Bainistíochta agus a luach saothair bliantúil, más ann di, a chinneadh

e) formheas nó leasú rialacháin inmheánacha an Chomhthionóil Ghinearálta;

f) foirceannadh EU-SOLARIS ERIC agus a chlár comhardaithe leachtaithe deireanach a fhormheas.

g) formheas bheartais ERIC

5. Beidh gá le **comhaontacht** sa Chomhthionól Ginearálta chun na rúin seo a leanas a ghlacadh:

a) ionchorprú nó díbirt Comhaltaí;

b) formheas agus modhnú ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla na gComhaltaí agus na mBreathnóirí;

c) formheas Phlean Gnó agus Phlean Straitéise ullmhaithe ag an Stiúrthóir Bainistíochta

d) leasú ar na Reachtanna

6. Féadfaidh an Comhthionól Ginearálta fógra a thabhairt tráth ar bith faoi dhífhostú an Stiúrthóra Bainistíochta agus dá dheasca sin ionadaí a cheapadh chun an folúntas a líonadh, gan an mhír ghnó a bheith ar Chlár Oibre an chruinnithe go sainráite.

Airteagal 27

Glacadh rún ag an gComhthionól Ginearálta a dhéanann difear do Chomhalta

1. Ní fheidhmeoidh aon Chomhalta a cheart vótála i gcás rún a ghlacadh, arb é is ábhar dó é a eisiamh ó EU-SOLARIS ERIC, é a scaoileadh ó oibleagáid nó ceart a thabhairt dó.

2. Na cearta vótála a chomhfhreagraíonn leis an gComhalta i gcoinbhleacht, de bhun fhorálacha na Reachtanna seo, bainfear ón líon iomlán vótaí iad atá inchurtha i leith gach Comhalta EU-SOLARIS ERIC chun tromlach na vótaí is gá i ngach cás a áireamh.

Airteagal 28

Stiúrthóir Bainistíochta

1. Beidh an Stiúrthóir Bainistíochta ina phríomhoifigeach feidhmiúcháin agus ionadaí dlíthiúil EU-SOLARIS ERIC.

2. Seachas na dualgais agus ábhair a shanntar go sainráite sna Reachtanna seo do chomhlacht eile, beidh an Stiúrthóir Bainistíochta freagrach as oibríochtaí laethúla EU-SOLARIS ERIC agus as na rúin a ghlacann an Comhthionól Ginearálta a fhorghníomhú.

3. Clúdóidh ionadaíocht an Stiúrthóra Bainistíochta gach gníomh atá san ábhar a gcuirtear teorainn air in Airteagal 2 de na Reachtanna seo. Maidir le dualgais agus cumhachtaí, chomh maith le hionadaíocht EU-SOLARIS ERIC *vis-à-vis* tríú páirtithe, laistigh agus lasmuigh den Chúirt, beidh an Stiúrthóir Bainistíochta i gceannas ar na dualgais seo a leanas:

a) na cuntais bhliantúla a tharraingt suas;

b) an Buiséad le haghaidh gach bliain airgeadais a tharraingt suas;

c) Phlean Oibre le haghaidh gach bliana a tharraingt suas;

d) Tuarascáil Bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí EU-SOLARIS ERIC a tharraingt suas le cur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

e) an Plean Gnó agus an Plean Straitéiseach a ullmhú, chomh maith le haon leasú a rinneadh orthu, le formheas ag an gComhthionól Ginearálta;

f) ceapadh agus dífhostú chomhaltaí na gcoistí in EU-SOLARIS ERIC a mholadh, atá le meas ag an gComhthionól Ginearálta;

g) moltaí a chur faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta maidir le ranníocaíochtaí airgeadais ag na Comhaltaí,

h) glacadh isteach agus dífhostú Comhaltaí agus, más iomchuí, Breathnóirí a mholadh;

i) leasú ar na Reachtanna a mholadh agus, más iomchuí, rialacháin inmheánacha an Chomhthionóil Ghinearálta agus an Bhoird um Nóid Náisiúnta a mholadh;

j) clár Ionadaithe Chomhaltaí agus Bhreathnóirí EU-SOLARIS ERIC a choimeád cothrom le dáta.

k) foirceannadh agus leachtú EU-SOLARIS ERIC a mholadh, agus an nós imeachta chun é sin a dhéanamh a chur chun feidhme, mura ndéantar foráil go sainráite sna reachtanna

l) tacaíocht a thabhairt don Chomhthionól Ginearálta leis an Rúnaíocht

Airteagal 29

Ceapachán agus téarma an Stiúrthóra Bainistíochta

1. Ceapfaidh agus dífhostóidh an Comhthionól Ginearálta an Stiúrthóir Bainistíochta trí bhíthin an tromlaigh a bhunaítear sna Reachtanna seo.

2. Beidh an post ag an Stiúrthóir Bainistíochta go ceann tréimhse 5 bliana, agus féadfaidh sé a bheith incháilithe d'atoghadh uair amháin

Airteagal 30

An Coiste Eolaíoch agus Teicniúil

1. Cruthófar Coiste Eolaíoch agus Teicniúil (CET), is é an Comhthionól Ginearálta a bheidh freagrach as líon chomhaltaí CET a shocrú agus as a chuid comhaltaí a cheapadh agus a dhífhostú agus a Rialachán Inmheánach a fhormheas, agus é sin go léir trí mheán rúin arna nglacadh trí **thromlach glan**.

2. Beidh na dualgais seo a leanas ar an gCoiste Eolaíoch agus Teicniúil:

a) Maoirseacht a dhéanamh ar aon tuarascáil a ullmhaíonn an Stiúrthóir Bainistíochta agus a oifig/a hoifig maidir le hábhair theicniúla agus eolaíocha is inspéise do EU-SOLARIS ERIC, don phobal eolaíoch, don tionsclaíocht agus don tsochaí i gcoitinne, faoi chuimsiú teicneolaíochtaí Díriú Grianteasa / Grianfhuinneamh Teirmeach (CSP/STE);

b) Meastóireacht eolaíoch a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí EU-SOLARIS ERIC ar bhonn tráthrialta

c) An Comhthionól Ginearálta a chur ar an eolas go tréimhsiúil faoi fhorbairt EU-SOLARIS ERIC ó dhearcadh teicniúil agus eolaíoch;

d) Moltaí le haghaidh deisiúcháin, athchóirithe nó feabhsuithe a mheasann sé a bheith iomchuí a thabhairt don Stiúrthóir Bainistíochta, le hanailís a dhéanamh ag an gComhthionól Ginearálta;

Airteagal 31

An Bord um Nóid Náisiúnta

1. Beidh ionadaí amháin an Nóid Náisiúnta ar an mBord um Nóid Náisiúnta (BNN), a cheapfaidh an Comhalta.

2. Tabharfaidh BNN tacaíocht agus cúnamh don Stiúrthóir Bainistíochta chun cur i bhfeidhm na straitéisí arna bhformheas ag an gComhthionól Ginearálta ar leibhéal teicniúil agus eolaíoch a chomhordú, na gníomhaíochtaí eolaíocha náisiúnta a bhaineann le EU-SOLARIS ERIC a mhaoirsiú agus, i gcomhordú leis an Stiúrthóir Bainistíochta, ba cheart comhleanúnachas i ngníomhaíochtaí EU-SOLARIS agus comhar i measc gach lárionad taighde CSP/STE atá bainteach leis a choinneáil ar bun.

3. Déanfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta cathaoirleacht ar na Cruinnithe arna reáchtáil ag an mBord um Nóid Náisiúnta, ach gan vóta.

4. Oibreoidh BNN de réir na dtéarmaí tagartha a chuirtear isteach ina rialacháin inmheánacha.

5. Gan dochar d'ábhar conarthach na gcomhaontuithe comhair a dhéantar idir EU-SOLARIS ERIC agus na lárionaid taighde éagsúla, tá ról tacaíochta ag an mBord um Nóid Náisiúnta, gan cumhacht feidhmiúcháin, don Stiúrthóir Bainistíochta.

CAIBIDIL IV

CÓRAS EACNAMAÍOCH

Airteagal 32

Acmhainní EU-SOLARIS ERIC

1. Is éard a bheidh in acmhainní EU-SOLARIS ERIC chun a chuid críoch, cuspóirí agus gníomhaíochtaí a fhorbairt:

a) ranníocaíochtaí airgeadais bliantúla na gComhaltaí (an *táille*)

b) síntiúis dheonacha na gComhaltaí, na mBreathnóirí agus na dtríú páirtithe, eintitis phoiblí agus phríobháideacha araon;

c) cláir dheontais náisiúnta agus idirnáisiúnta agus cúnamh poiblí ar féidir le EU-SOLARIS ERIC iarratas a dhéanamh air;

d) ioncam a thagann ó na gníomhaíochtaí eacnamaíocha teoranta a dhéanann EU-SOLARIS ERIC; agus

e) aon ioncam eile, amhail deonacháin, a chomhaontaíonn an Comhthionól Ginearálta leo.

Airteagal 33

Ranníocaíocht airgeadais oibleagáideach na gComhaltaí

1. Tabharfaidh gach Comhalta airgead do bhuiséad bliantúil EU-SOLARIS ERIC trí bhíthin Táille Bhliantúil. Beidh an ranníocaíocht atá le déanamh go bliantúil ag gach Comhalta i gcomhréir leis na forálacha a leagtar amach sa tábla i gceangal leis seo mar Iarscríbhinn II.

2. Beidh an Táille Bhliantúil mar an gcéanna i gcás gach Comhalta. Ní fhéadfar na critéir a úsáidtear chun ranníocaíocht airgeadais oibleagáideach na gComhaltaí a chinneadh a mhodhnú ach i rún a ghlacann an Comhthionól Ginearálta **d'aon toil**.

3. Ní thagann aon leasú d'Iarscríbhinn II i bhfeidhm ach amháin an 1 Eanáir den bhliain i ndiaidh na bliana ina bhformheasann an Comhthionól Ginearálta an leasú.

4. Íocfar ranníocaíochtaí na gComhaltaí le hairgead tirim agus le Euro. I gcásanna eisceachtúla féadann an Comhthionól Ginearálta úsáid ranníocaíochtaí comhchineáil a mheas agus a fhormheas.

5. Le haghaidh ranníocaíochtaí comhchineáil, tabharfar comhaontú sonrach ina leagtar amach na coinníollacha don ranníocaíocht i gcrích idir EU-SOLARIS ERIC agus an Comhalta i gceist, ar cheart don Chomhthionól Ginearálta a fhormheas, trí bhíthin tromlach a bhunaítear chuige sin sna Reachtanna seo.

Airteagal 34

Ranníocaíochtaí deonacha le EU-SOLARIS ERIC

Féadfaidh Comhaltaí agus Breathnóirí EU-SOLARIS ERIC agus tríú páirtithe eile ranníocaíochtaí deonacha a dhéanamh le EU-SOLARIS ERIC tráth ar bith.

Airteagal 35

Buiséad agus Plean Oibre

1. Laistigh de 2 mhí díreach roimh dheireadh gach bliain airgeadais, cuirfidh an Stiúrthóir Bainistíochta buiséad agus Plean Oibre EU-SOLARIS ERIC don bhliain dár gcionn faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta.

2. Ullmhófar an buiséad, cuirfear i bhfeidhm é agus beidh sé faoi réir na cuntais a chur ar fáil i gcomhréir le prionsabail na trédhearcachta.

3. Taifeadfar gach iontráil ioncaim agus chaiteachais EU-SOLARIS ERIC sa bhuiséad, ar cheart é a bheith comhardaithe idir ioncam agus caiteachas.

4. Ullmhófar an Plean Oibre i gcomhréir leis an mbuiséad agus le cuspóirí EU-SOLARIS ERIC.

5. Chun an Plean Oibre a tharraingt suas, beidh an Stiúrthóir Bainistíochta ag brath ar chúnamh agus ar chomhairle an Choiste Eolaíoch agus Theicniúil agus an Bhoird um Nóid Náisiúnta. Chuige sin, freastalóidh Cathaoirligh CET agus BNN, ar thug an Stiúrthóir Bainistíochta cuireadh dóibh, cruinniú an Chomhthionóil Ghinearálta, ag ar cheart an Plean Oibre a fhormheas.

6. Formheasfaidh an Comhthionól Ginearálta an buiséad agus an Plean Oibre bliantúil le haghaidh gach bliain airgeadais, sna téarmaí dá dtagraítear ina rialacháin féin.

Airteagal 36

An Bhliain Airgeadais

1. Tosóidh bliain airgeadais EU-SOLARIS ERIC an 1 Eanáir agus críochnóidh sí an 31 Nollaig gach bliain.

2. Mar eisceacht, tosóidh an céad bhliain airgeadais an lá ar a dtiocfaidh an rún a ghlacann an Coimisiún Eorpach chun EU-SOLARIS ERIC a chruthú in éifeacht, agus críochnóidh sí an 31 Nollaig den bhliain chéanna sin.

Airteagal 37

Cuntais

1. Le tacaíocht na gcomhlachtaí riaracháin lena mbaineann, beidh an Stiúrthóir Bainistíochta freagrach as cuntais EU-SOLARIS ERIC a choinneáil go coitianta i gcomhréir le prionsabail chuntasaíochta a bhfuil glactha leo go ginearálta agus faoi réir na rialachán cuntasaíochta atá i bhfeidhm sa Stát ina bhfuil a oifig cláraithe ag EU-SOLARIS ERIC.

2. In aon chás, coinneofar cuntais EU-SOLARIS ERIC trí bhíthin taifeadadh a dhéanamh i gclár ar leith ar an ioncam agus ar an gcaiteachas a eascraíonn as a ghníomhaíochtaí eacnamaíocha.

3. Ar bhonn na faisnéise cuntasaíochta a ullmhaíonn an Stiúrthóir Bainistíochta, laistigh de 3 mhí i ndiaidh deireadh gach bliain airgeadais, tarraingeoidh sí/sé suas na cuntais bhliantúla i gcomhréir le prionsabal na trédhearcachta don bhliain airgeadais sin ionas gur féidir, tar éis d'iniúchóir EU-SOLARIS ERIC iad a dheimhniú, iad a chur faoi bhráid an Chomhthionóil Ghinearálta agus, más iomchuí, iad a fhormheas.

4. Anuas air sin, tarraingeoidh an Stiúrthóir Bainistíochta suas tuarascáil ar an mbuiséad agus ar an mbainistíocht airgeadais don bhliain airgeadais ina ndéanfar tagairt do na cuntais bhliantúla.

5. Cuirfear na cuntais bhliantúla agus an tuarascáil ar bhainistíocht bhuiséid ar fáil don Chomhthionól Ginearálta laistigh de 10 lá tar éis an dáta ar a soláthraíonn an t-iniúchóir an Tuarascáil Iniúchóireachta, a chuirfear ar fáil do na Comhaltaí chomh maith.

6. Laistigh de 6 mhí tar éis deireadh na bliana airgeadais i gceist, iniúchfaidh an Comhthionól Ginearálta agus, más iomchuí, formheasfaidh sé trí chóras na dtromlach dá bhforáiltear sna Reachtanna seo, cuntais bhliantúla EU-SOLARIS ERIC, an Tuarascáil ar an mbuiséad agus ar bhainistíocht airgeadais agus an Tuarascáil Bhliantúil maidir le gníomhaíochtaí ERIC dá dtagraítear in Airteagal 40 arna dtarraingt suas ag an Stiúrthóir Bainistíochta.

7. Nuair a bheidh sé formheasta, cuirfear na doiciméid dá dtagraítear thuas faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh agus na n-údarás poiblí iomchuí, agus cuirfear ar fáil ar shuíomh gréasáin EU-SOLARIS ERIC iad.

8. Aon ábhar nach ndéantar foráil maidir leis sna Reachtanna seo ná sna rialacháin ina bhforbraítear an méid sin, beidh sé faoi réir forálacha maidir le cuntais a ullmhú, a chomhdú, a iniúchadh agus a fhoilsiú de chuid reachtaíocht náisiúnta an Stáit ina bhfuil a oifig chláraithe ag EU-SOLARIS ERIC.

Airteagal 38

Rialú inmheánach

1. Glacfaidh an Stiúrthóir Bainistíochta cúraimí um rialú airgeadais agus buiséid EU-SOLARIS, um athbhreithniú chuntais agus dhoiciméadacht eacnamaíoch agus bhuiséadach EU-SOLARIS ERIC agus an Comhthionól Ginearálta a chur ar eolas faoi sin, agus é sin uile i gcomhréir lena dhualgais

2. Anuas air sin, rachaidh an Stiúrthóir Bainistíochta i gcomhar le hiniúchóir EU-SOLARIS ERIC, agus tabharfaidh sé/sí cúnamh dó de réir mar is gá chun a dhualgais/a dualgais a dhéanamh i gceart.

Airteagal 39

Iniúchadh

1. Beidh EU-SOLARIS ERIC faoin oibleagáid iniúchadh a fháil ar a chuntais bhliantúla ag iniúchóir.

2. Cuirfear an Tuarascáil Iniúchóireachta ar fáil do na Comhaltaí nuair a fhormheasfar na cuntais bhliantúla don bhliain airgeadais agus, in éineacht leo, cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh í sna téarmaí dá bhforáiltear sna Reachtanna seo agus i Rialachán ERIC.

CAIBIDIL V

TUAIRISCIÚ DON CHOIMISIÚN EORPACH

Airteagal 40

Gníomhaíochtaí faireacháin

1. Tarraingeoidh an Stiúrthóir Bainistíochta suas gach bliain Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí EU-SOLARIS ERIC, ina luafar, go háirithe, gnéithe eolaíocha, oibríochtúla agus airgeadais de chuid ghníomhaíochtaí EU-SOLARIS ERIC.

2. Chun an Tuarascáil Bhliantúil a tharraingt suas, beidh an Stiúrthóir Bainistíochta ag brath ar chúnamh agus ar chomhairle an Choiste Eolaíoch agus Theicniúil agus an Bhoird um Nóid Náisiúnta.

3. Formheasfaidh an Comhthionól Ginearálta an Tuarascáil, trí bhíthin an tromlaigh a bhunaítear sna Reachtanna seo, agus cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin agus na n-údarás poiblí ábhartha í laistigh de 6 mhí tar éis dheireadh na bliana airgeadais dá dtagraíonn an Tuarascáil sin.

4. Chomh maith leis an Tuarascáil Bhliantúil, tarchuirfidh an Stiúrthóir Bainistíochta chuig an gCoimisiún aon fhaisnéis maidir le tosca atá ina mbagairt ghéar do bhaint amach chúraimí EU-SOLARIS ERIC.

5. Beidh an Tuarascáil Bhliantúil ar ghníomhaíochtaí de chuid EU-SOLARIS ERIC ina heolas poiblí, agus cuirfear ar fáil ar shuíomh gréasáin EU-SOLARIS ERIC í.

CAIBIDIL VI

DÍOLÚINTÍ Ó CHÁIN

Airteagal 41

Díolúintí ó cháin

1. Díolúintí CBL a bhunaítear ar Airteagal 143(1)(g) agus ar Airteagal 151(1)(b) de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle agus i gcomhréir le hAirteagail 50 agus 51 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 282/2011 ón gComhairle; beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh EU-SOLARIS ERIC agus Comhaltaí EU-SOLARIS ERIC, atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag EU-SOLARIS ERIC, ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha EU-SOLARIS ERIC amháin i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí. Beidh Díolúintí CBL teoranta do cheannacháin ar mó a luach ná EUR 250.

2. Díolúintí ó Dhleacht Mháil a bhunaítear ar Airteagal 11 de Threoir 2020/262/CE ón gComhairle, beidh siad teoranta do cheannacháin a dhéanfaidh EU SOLARIS ERIC atá le húsáid go hoifigiúil agus go heisiach ag EU SOLARIS ERIC, ar choinníoll go ndéanfar ceannachán den sórt sin le haghaidh ghníomhaíochtaí neamheacnamaíocha EU SOLARIS ERIC amháin i gcomhréir lena ghníomhaíochtaí, agus gur mó luach an cheannacháin ná EUR 250.

3. Beidh na costais a thabhaíonn EU-SOLARIS ERIC agus a Chomhaltaí i gcomhdhálacha, i seimineáir agus i gcruinnithe a bhaineann go díreach le gníomhaíochtaí oifigiúla EU-SOLARIS ERIC san áireamh chomh maith. D'ainneoin an mhéid thuasluaite, ní bhfaighidh costais taistil díolúintí ó cháin.

4. Déanfaidh EU-SOLARIS ERIC costais agus ioncaim na ngníomhaíochtaí eacnamaíocha sin a thaifeadadh ar leithligh, agus gearrfaidh sé praghsanna margaidh orthu, nó, mura féidir iad a fháil amach, costais iomlána móide corrlach réasúnach. Ní chumhdófar na gníomhaíochtaí sin le díolúintí ó cháin.

5. Ní chumhdaítear ceannacháin a dhéanfaidh baill foirne le díolúintí.

CAIBIDIL VII

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 42

Forbairt rialaitheach ar na Reachtanna

1. Forbrófar na Reachtanna seo trí bhíthin rialacháin inmheánacha chomhlachtaí rialaithe agus comhairleacha EU-SOLARIS ERIC, arna bhformheas ag an gComhthionól Ginearálta, i gcás inarb iomchuí, de bhun fhorálacha na Reachtanna seo.

2. I gcás neamhréireachta idir aon cheann de na rialacháin inmheánacha atá á bhforbairt agus na Reachtanna seo, beidh an dara ceann i réim.

Airteagal 43

Leasú ar na Reachtanna

1. Aon togra le haghaidh leasú ar na Reachtanna, formheasfaidh an Comhthionól Ginearálta d'aon toil é, agus cuirfear faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh i gcomhréir le hAirteagail 11 de Rialachán ERIC é.

2. Coinneoidh an Stiúrthóir Bainistíochta na Reachtanna cothrom le dáta. Cuirfear na Reachtanna ar fáil ar shuíomh gréasáin EU-SOLARIS ERIC agus ag a oifig cláraithe.

Airteagal 44

An dlí is infheidhme

1. Rialófar feidhmiú inmheánach EU-SOLARIS ERIC trí bhíthin na rialacha seo a leanas agus san ord tosaíochta a luaitear thíos:

a) Rialacha dhlí an Aontais, Rialachán ERIC go háirithe, Cinneadh an Choimisiúin Eorpaigh chun EU-SOLARIS ERIC a chruthú agus, más iomchuí, na Cinntí chun Rialacháin EU-SOLARIS ERIC a leasú;

b) aon ábhar nach bhfuil rialáilte, nó atá rialáilte i bpáirt ag rialacha sin an Chomhphobail, rialófar trí bhíthin an Dlí sa tír atá ag gníomhú mar Chomhalta Óstach é; agus

c) na Reachtanna seo agus aon rialachán inmheánach eile a chuireann chun feidhme nó a fhorbraíonn na cinn chéanna.

Airteagal 45

Réiteach díospóide agus dlínse

1. Beidh dlínse ag an gCúirt Bhreithiúnais chun cásanna dlí a shocrú a d'fhéadfaí tarlú idir EU-SOLARIS ERIC agus a Chomhaltaí agus/nó a Bhreathnóirí, idir na Comhaltaí agus/nó na Breathnóirí iad féin, ar choinníoll go n-eascraíonn siad as a rannpháirtíocht in EU-SOLARIS ERIC, agus ar aon chás dlí inar páirtí é an tAontas Eorpach.

2. Maidir leis na cásanna dlí a d'fhéadfaí tarlú idir EU-SOLARIS ERIC agus tríú páirtithe, cuirtear an dlínse seo a leanas i bhfeidhm:

a) ar dtús, an dlínse arna chinneadh le dlí an Aontais; agus, in éagmais rialachán sainráite ina leith sin,

b) an dlínse arna chinneadh leis an dlí atá i bhfeidhm maidir leis an gComhalta Óstach maidir le dlínse.

Airteagal 46

Teanga oibre

Is é an Béarla an teanga oibre a bheidh ag EU-SOLARIS ERIC

IARSCRÍBHINN I

COMHALTAÍ AGUS BREATHNÓIRÍ

Comhaltaí

Tír nó Eagraíocht Idir-rialtasach	Eintiteas a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige
Poblacht na Fraince	Centre National de la Recherche Scientifique (CNRS)
Ríocht na Spáinne	Centro de Investigaciones Energéticas, Medioambientales y Tecnológicas (CIEMAT)
Poblacht na Cipire	Institiúid na Cipire (CyI)
Poblacht Chónaidhme na Gearmáine	Deutsches Zentrum für Luft-und Raumfahrt (DLR)

Breathnóirí

Tír nó Eagraíocht Idir-rialtasach	Eintiteas a bhfuil ionadaíocht á déanamh aige
Poblacht na Portaingéile	Laboratorio Nacional de Energia e Geologia (LNEG) /Universidade de Évora

IARSCRÍBHINN II

Ranníocaíochtaí Airgeadais Chomhaltaí agus Bhreathnóirí EU-SOLARIS ERIC don Timthriall Buiséadach Tosaigh

	Bliain 1	Bliain 2	Bliain 3 (*)	Bliain 4
Poblacht na Fraince	20 000	20 000	20 000	20 000
Ríocht na Spáinne (**)	20 000	20 000	20 000	20 000
Poblacht na Cipire	20 000	20 000	20 000	20 000
Poblacht Chónaidhme na Gearmáine	20 000	20 000	20 000	20 000

(*) Beidh leasú ar an Táille Bhliantúil le déanamh ag an gComhthionól Ginearálta le linn Bhliain 3.
(**) Tá luach EUR 95 000 sa bhliain ar an mBiseach Óstaigh. Tugtar tuairisc iomlán air ag doiciméad an Phlean Gnó.

IARSCRÍBHINN III

SAINMHÍNITHE

— Ciallaíonn "**tromlach simplí**" tromlach níos mó ná leath de vótaí na gcomhaltaí atá i láthair nó ar a ndéantar ionadaíocht fhoirmiúil ag an gcruinniú.

— Ciallaíonn "**tromlach glan**" tromlach níos mó ná leath de chearta vótála an chuibhreannais.

— Ciallaíonn "**tromlach cáilithe**" tromlach níos mó ná dhá thrian (2/3) de chearta vótála an chuibhreannais.

— **Córam:** Ní mór dhá thrian (2/3) (slánaithe suas) ar a laghad de na cearta vótála a bheith i láthair nó ar a ndéantar ionadaíocht fhoirmiúil ag an gcruinniú

— **Reachtanna**: na Reachtanna seo le haghaidh EU-SOLARIS ERIC.

— **CMI**: na cearta maoine intleachtúla de réir an cheannteidil seo a shainmhínítear in Airteagal 2 den Choinbhinsiún lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda um Maoin Intleachtúil, sínithe an 14 Iúil 1967.

— **Comhalta Óstach**: an tír ina bhfuil a oifig cláraithe ag EU-SOLARIS ERIC.

— **Biseach Óstaigh**: Ranníocaíocht bhreise le ERIC ag an gComhalta Óstach, de chomhchineáil nó d'airgead tirim.

— **Stiúrthóir Bainistíochta**: an duine a ainmníonn an Comhthionól Ginearálta le bheith i seilbh an phoist sin.

— **Comhalta**: Ciallaíonn "comhalta/comhaltaí" comhalta/comhaltaí EU-SOLARIS ERIC, mar a fhoráiltear faoi Airteagal 14 de na Reachtanna.

— **Breathnóir**: Ciallaíonn "breathnóir/breathnóirí" neamh-Chomhalta EU-SOLARIS ERIC atá rannpháirteach agus a thugann cúnamh do ghníomhaíochtaí ERIC mar a fhoráiltear faoi Airteagal 14 de na Reachtanna.

— **Nód/Nóid Náisiúnta:** Lárionaid taighde, acmhainní agus seirbhísí a eagraítear go náisiúnta, ní gá go mbeadh inniúlacht dhlíthiúil ag an eintiteas, i gComhalta agus a oibríonn eintitis dhlítheanacha, ag a ndéantar gníomhaíochtaí EU-SOLARIS ERIC.

— **Lárionad Taighde:** Eagraíocht Thaighde agus Forbairt (T&F) náisiúnta, neamhspleách ar EU-SOLARIS ERIC atá rannpháirteach in oibriú EU-SOLARIS ERIC.

— **Teicneolaíochtaí CSP/STE**: Teicneolaíochtaí Dírithe Grianteasa / Grianfhuinnimh Theirmigh.

— **An Bord um Nóid Náisiúnta:** Comhlacht comhairleach a dhéanann ionadaíocht ar na nóid náisiúnta chun cúnamh a thabhairt don Stiúrthóir Bainistíochta mar a fhoráiltear faoi Airteagal 31 de na Reachtanna

— **Coiste Eolaíoch agus Teicniúil:** Comhlacht comhairleach chun cúnamh a thabhairt don Chomhthionól Ginearálta mar a fhoráiltear faoi Airteagal 30 de na Reachtanna

— **Comhthionól Ginearálta:** Comhlacht rialaithe uachtarach ERIC

— **Mol Lárnach:** An Stiúrthóir Bainistíochta agus an Fhoireann Rúnaíochta lonnaithe sa Chomhalta Óstach

— **Comhaontú ar Leibhéal Seirbhíse:** Conradh idir soláthraí seirbhísí agus a chustaiméirí a sholáthraíonn fianaise maidir leis na seirbhísí a thabharfaidh an soláthraí agus a shainíonn caighdeáin na seirbhísí is gá don soláthraí a comhlíonadh.

IV

(Fógraí)

FÓGRAÍ Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

AN CHOMHAIRLE

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Samhain 2022

lena nglactar an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022

(2022/C 446/02)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 314 de, i gcomhar leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus go háirithe Airteagal 106 bis de,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 ([1]), agus go háirithe Airteagal 44 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

— glacadh buiséad an Aontais don bhliain airgeadais 2022 go cinntitheach an 24 Samhain 2021 ([2]);

— thíolaic an Coimisiún togra, an 5 Deireadh Fómhair 2022, ina raibh dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta don bhliain airgeadais 2022,

— ní mór don Chomhairle dul ar aghaidh gan mhoill lena seasamh a ghlacadh maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 a ghabhann leis an mbuiséad ginearálta do 2022, chun leithreasuithe leordhóthanacha, i measc nithe eile, a chur ar fáil go práinneach (a) chun na bearta éigeandála faoi shnáithe an Bhiashlabhra de Chlár an Mhargaidh Aonair a threisiú; (b) túsualú agus treisiú a dhéanamh ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta chun leanúint de chúnamh comhchineáil a threorú chuig an Úcráin agus héileacaptair agus eitleáin éadroma eile a léasú chun ullmhacht an Aontais maidir le haerchomhrac dóiteáin a mhéadú; agus (c) caiteachas riaracháin agus pinsin faoi cheannteideal 7 a threisiú mar thoradh ar bhoilsciú ard agus ar phraghsanna fuinnimh a bheith ag ardú go tapa. Dá bhrí sin, tá bonn cirt le foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, a ghabhann leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

([1]) IO L 193, 30.7.2018, lch. 1.
([2]) IO L 45, 24.2.2022, lch. 1.

TAR ÉIS A CHINNEADH MAR A LEANAS:

Airteagal aonair

Glactar, leis seo, an seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 5 de chuid an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2022.

Is féidir breathnú ar an téacs iomlán nó é a íoslódáil ó shuíomh gréasáin na Comhairle: https://www.consilium.europa.eu/.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Samhain 2022.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
Z. NEKULA

AN COIMISIÚN EORPACH

Rátaí malairte an euro [1]

23 Samhain 2022

(2022/C 446/03)

1 euro =

	Airgeadra	Ráta malairte		Airgeadra	Ráta malairte
USD	dollar na Stát Aontaithe	1,0325	CAD	dollar Cheanada	1,3856
JPY	yen na Seapáine	145,75	HKD	dollar Hong Cong	8,0708
DKK	krone na Danmhairge	7,4370	NZD	dollar na Nua-Shéalainne	1,6718
GBP	punt steirling	0,86369	SGD	dollar Shingeapór	1,4295
SEK	krona na Sualainne	10,8933	KRW	won na Cóiré Theas	1 397,42
CHF	franc na hEilvéise	0,9795	ZAR	rand na hAfraice Theas	17,7103
ISK	króna na hÍoslainne	146,70	CNY	renminbi-yuan na Síne	7,3982
NOK	krone na hIorua	10,3659	HRK	kuna na Cróite	7,5435
BGN	lev na Bulgáire	1,9558	IDR	rupiah na hIndinéise	16 189,81
CZK	koruna Phoblacht na Seice	24,356	MYR	ringgit na Malaeisia	4,7237
HUF	forint na hUngáire	405,75	PHP	peso na nOileán Filipíneach	58,914
PLN	zloty na Polainne	4,7033	RUB	rúbal na Rúise	
RON	leu na Rómáine	4,9370	THB	baht na Téalainne	37,423
TRY	lira na Tuirce	19,2316	BRL	real na Brasaíle	5,5650
AUD	dollar na hAstráile	1,5522	MXN	peso Mheicsiceo	20,0010
			INR	rúipí na hIndia	84,4660

[1] *Foinse*: ráta malairte tagartha arna fhoilsiú ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE).

AN CHÚIRT INIÚCHÓIRÍ

Tuairim 06/2022

(de bhun Airteagal 322(1), CFAE)

i dtaca le togra ón gCoimisiún le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) [2022/162(COD)]

(2022/C 446/04)

Tá Cúirt Iniúchóirí na hEorpa tar éis tuairim uaithi a fhoilsiú dar teideal "Tuairim 06/2022 (de bhun Airteagal 322(1), CFAE) i dtaca leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú) [2022/0162(COD)]".

Más maith leat an tuairim a léamh nó a íoslódáil, is féidir é sin a dhéanamh ag suíomh gréasáin Chúirt Iniúchóirí na hEorpa:

https://www.eca.europa.eu/ga/Pages/DocItem.aspx?did=62434

FÓGRAÍ A BHAINEANN LEIS AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH

ÚDARÁS FAIREACHÁIN CSTE

Laethanta saoire poiblí in 2023: Stáit LEE/CSTE agus institiúidí LEE

(2022/C 446/05)

	An Íoslainn	Lichtinstéin	An Iorua	Údaráis Faireacháin CSTE	CÚIRT CSTE
Dé Luain, an 2 Eanáir				X	X
Dé hAoine, an 6 Eanáir		X			
Déardaoin, an 2 Feabhra		X			
Dé Máirt, an 21 Feabhra		X			
Déardaoin, an 6 Aibreán	X		X	X	X
Dé hAoine, an 7 Aibreán	X	X	X	X	X
Dé Luain, an 10 Aibreán	X	X	X	X	X
Déardaoin, an 20 Aibreán	X				
Dé Luain, an 1 Bealtaine	X	X	X	X	X
Dé Máirt, an 9 Bealtaine					X
Dé Céadaoin, an 17 Bealtaine			X		
Déardaoin, an 18 Bealtaine	X	X	X	X	X
Dé hAoine, an 19 Bealtaine				X	X
Dé Luain, an 29 Bealtaine	X	X	X	X	X
Déardaoin, an 8 Meitheamh		X			
Dé hAoine, an 23 Meitheamh					X
Dé Luain, an 7 Lúnasa	X				
Dé Máirt, an 15 Lúnasa		X			X
Dé hAoine, an 8 Meán Fómhair		X			
Dé Céadaoin, an 1 Samhain		X		X	X
Dé hAoine, an 8 Nollaig		X			
Déardaoin, an 21 Nollaig				X	
Dé hAoine, an 22 Nollaig				X	
Dé Luain, an 25 Nollaig	X	X	X	X	X
Dé Máirt, an 26 Nollaig	X	X	X	X	X
Dé Céadaoin, an 27 Nollaig				X	X

Déardaoin, an 28 Nollaig				X	X
Dé hAoine, an 29 Nollaig				X	X

** Ní liostaítear laethanta saoire poiblí más ar an Satharn nó ar an Domhnach atá siad.

** Is iad seo a leanas saoire bhreithiúnta Chúirt CSTE: Dé Luain, an 2 Eanáir 2023 go dtí Dé Domhnaigh, an 8 Eanáir 2023; Dé Luain, an 3 Aibreán 2023 go dtí Dé Domhnaigh, an 16 Aibreán 2023; Dé Luain, an 17 Iúil 2023 go dtí Déardaoin, an 31 Lúnasa 2023; Dé Luain, an 18 Nollaig 2023 go dtí Dé Luain, an 8 Eanáir 2024

V

(Fógairtí)

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

AN COIMISIÚN EORPACH

Glao ar thograí 2023 - EAC/A14/2022

An Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach

(2022/C 446/06)

1. **Réamhrá agus cuspóirí**

Tá an glao seo ar thograí bunaithe ar Rialachán (AE) 2021/888 ([1]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh, agus ar Chlár Oibre Bliantúil 2023 de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh (C(2022)5757) chomh maith. Clúdaíonn Clár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh an tréimhse 2021 go 2027. Liostaítear cuspóirí ginearálta agus sonracha Chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh in Airteagal 3 den Rialachán.

2. **Gníomhaíochtaí**

Clúdaíonn an glao seo ar thograí na gníomhaíochtaí seo a leanas de chuid chlár an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh:

— Tionscadail Saorálaíochta

— Foirne Saorálaíochta i Réimsí Ardtosaíochta

— Tionscadail Dlúthpháirtíochta

— Marc Cáilíochta le haghaidh gníomhaíochtaí saorálaíochta dlúthpháirtíochta

— Marc Cáilíochta le haghaidh saorálaíocht i réimse na cabhrach daonnúla

— Saorálaíocht faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil.

3. **Incháilitheacht**

Féadfaidh aon eintiteas poiblí nó príobháideach, bíodh sé neamhbhrabúsach nó brabúsach, áitiúil, réigiúnach, náisiúnta nó idirnáisiúnta, cur isteach ar chistiú faoin gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach. Ina theannta sin, féadfaidh grúpaí daoine óga atá cláraithe ar Thairseach an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh iarratas a dhéanamh ar chistiú le haghaidh Tionscadail Dlúthpháirtíochta.

Féadfaidh na tíortha seo a leanas ([2]) páirt iomlán a ghlacadh i ngníomhaíochtaí uile an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh:

— na 27 mBallstát den Aontas Eorpach agus na Tíortha agus na Críocha Thar Lear de chuid an Aontais,

— tríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár:

  — tíortha CSTE/LEE: an Íoslainn agus Lichtinstéin,

  — tíortha is iarrthóirí ar bhallraíocht san Aontas ([3]): Poblacht na Tuirce, Poblacht na Macadóine Thuaidh.

Ina theannta sin, is féidir le heintitis atá bunaithe go dleathach i dtríú tíortha nach bhfuil comhlachaithe leis an gClár gníomhaíochtaí áirithe a dhéanamh.

([1]) IO L 202, 8.6.2021, lch. 32.

([2]) Eintitis atá bunaithe go dleathach agus daoine atá ina gcónaí go dleathach sna tíortha sin.

([3]) Faoi réir shíniú na gComhaontuithe Comhlachais déthaobhacha.

Féach Treoir 2023 de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le haghaidh tuilleadh mionsonraí maidir le módúlachtaí na rannpháirtíochta.

4. **Buiséad agus fad na dtionscadal**

Meastar gurb é EUR 142 200 000 an buiséad iomlán atá curtha in áirithe don ghlao seo ar thograí.

An buiséad iomlán atá curtha in áirithe don ghlao ar thograí, chomh maith lena athroinnt, léirítear é i gClár Oibre Bliantúil 2023 de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh a glacadh an 22 Lúnasa 2022, agus féadfar é a mhodhnú faoi réir leasú ar Chlár Oibre Bliantúil an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh. Iarrtar ar iarratasóirí féideartha dul i gcomhairle go rialta le Cláir Oibre Bhliantúla an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh agus a leasuithe, a fhoilsítear ar: https://europa.eu/youth/solidarity/organisations/reference-documents-resources.

Braitheann na deontais a bhronntar agus fad na dtionscadal ar fhachtóirí amhail cineál an tionscadail agus cineál na n-iarratasóirí incháilithe.

5. **Sprioc-am maidir le hiarratais a chur isteach**

Tagann deireadh leis an sprioc-am maidir le tíolacadh na n-iarratas a shonraítear thíos ar 12.00 (nóin), am na Bruiséile.

Tionscadail Saorálaíochta	an 23 Feabhra 2023
	(babhta roghnach) an 4 Deireadh Fómhair 2023
Tionscadail Dlúthpháirtíochta	an 23 Feabhra 2023
	(babhta roghnach) an 4 Bealtaine 2023
	an 4 Deireadh Fómhair 2023

Tagann deireadh leis an sprioc-am maidir le tíolacadh na n-iarratas a shonraítear thíos ar 17.00, am na Bruiséile.

Foirne saorálaíochta i Réimsí Ardtosaíochta	an 8 Feabhra 2023
Saorálaíocht faoin gCór Saorálach Eorpach um Chabhair Dhaonnúil	an 3 Bealtaine 2023

Is féidir iarratais ar na Marcanna Cáilíochta a chur isteach ar bhonn leanúnach.

Féach Treoir 2023 de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh le haghaidh treoracha mionsonraithe maidir le hiarratais a chur isteach.

6. **Mionsonraí iomlána**

Tá coinníollacha mionsonraithe an ghlao seo ar thograí, lena n-áirítear tosaíochtaí, le fáil i dTreoirleabhar 2023 de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ag an seoladh idirlín seo a leanas: https://europa.eu/youth/solidarity/organisations/calls-for-proposals

Tá Treoirleabhar 2023 de chuid an Chóir Dlúthpháirtíochta Eorpaigh ina dhlúthchuid den ghlao seo ar thograí agus tá feidhm iomlán ag na coinníollacha rannpháirtíochta agus cistiúcháin a léirítear ann maidir leis an nglao seo.

NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10931 – OPENTEXT / MICRO FOCUS)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 446/07)

1. An 14 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Open Text Corporation ("OpenText", Ceanada),

— Micro Focus International plc ("Micro Focus", an Ríocht Aontaithe).

Gheobhaidh OpenText rialú, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar Micro Focus ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin tairiscint phoiblí a fógraíodh an 25 Lúnasa 2022.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is soláthraí táirgí agus seirbhísí bainistíochta faisnéise é OpenText.

— Is soláthraí bogearraí fiontair é Micro Focus.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le láimhseáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10931 – OPENTEXT / MICRO FOCUS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10884 – JTCP / EPCG / EROSKI S. COOP / SUPRATUC2020)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 446/08)

1. An 14 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— EP Corporate Group, a.s., ("EPCG", an tSeicia), atá faoi rialú an Uasail Daniel Křetínský amháin,

— J&T CAPITAL PARTNERS, a.s., ("JTCP", an tSeicia), atá faoi rialú go hindíreach ag PT Equity Investments SICAV, ciste infheistíochta atá bunaithe sa tSeicia a bhunaigh an tUasal Patrik Tkáč agus J&T Private Equity Group Limited ("JTPEG", an Chipir),

— Eroski, S. Coop, ("Eroski", an Spáinn), a bhaineann le EROSKI Group,

— Supratuc2020, S.L., ("Supratuc2020", an Spáinn), atá faoi rialú go comhpháirteach ag EPCG, E-Commerce agus Media Investments, a.s. ("ECMI", an tSeicia) agus Eroski.

Gheobhaidh EPCG, JTCP agus Eroski rialú comhpháirteach ar Supratuc2020 de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin conartha nó aon mhodh eile.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta sealbhaíochta infheistíochta de chuid na Seicia é EPCG, atá gníomhach go príomha i réimse an fhuinnimh, an bhonneagair agus na meán. Is é úinéir deiridh EPCG ceann de na hinfheisteoirí is mó, i measc infheisteoirí eile, in earnáil an dáilte bia san Eoraip.

— Is cuideachta shealbhaíochta de chuid na Seicia é JTCP, nach bhfuil gníomhach faoi láthair in earnáil an bhia ná ar aon mhargadh atá gaolmhar go hingearach sa Spáinn ná go hidirnáisiúnta.

— Is cuideachta dáileacháin, eagraíocht tomhaltóirí agus tionscadal comharchumainn é Eroski mar chomharchumann tomhaltóirí ina bhfuil ról ceannasach agus údarás ag tomhaltóirí agus ag fostaithe. Is príomhchuideachta de EROSKI Group é, comharchumann dáileacháin miondíola le haghaidh earraí agus seirbhísí tomhaltóirí laethúla sa Spáinn agus is tagarmharc é i réigiúin na Gailíse, Thír na mBascach, Navarre, chomh maith leis an gCatalóin agus na hOileáin Bhailéaracha (trí Supratuc2020).

— Is cuideachta shealbhaíochta de chuid na Spáinne é Supratuc2020 a bhfuil úinéireacht 100 % aige in dhá chuideachta atá gníomhach i miondíol earraí tomhaltóra laethúla sa Spáinn: Caprabo agus Cecosa. Tá gníomhaíochtaí Supratuc2020 dírithe ar earraí tomhaltóra laethúla a mhiondíol trí ollmhargaí atá lonnaithe i réigiúin na Catalóine sa Spáinn (trí Caprabo) agus sna hOileáin Bhailéaracha (trí CECOSA), faoi seach.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10884 – JTCP / EPCG / EROSKI S. COOP / SUPRATUC2020

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10713 – RWE / NEWCO EEMSHAVEN)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 446/09)

1. An 17 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra faoi chomhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— RWE AG ("RWE", an Ghearmáin),

— NewCo Eemshaven B.V. ("NewCo Eemshaven", an Ísiltír), atá faoi rialú Vattenfall N.V. (an Ísiltír) faoi láthair.

Gheobhaidh RWE rialú ar NewCo Eemshaven ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Is trí cheannach scaireanna atá an comhchruinniú á dhéanamh.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta fuinnimh é RWE a dhíríonn ar thrádáil fuinnimh agus ar leictreachas a ghiniúint ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus ó ghnáthfhoinsí fuinnimh,

— Oibríonn NewCo Eemshaven gléasra cumhachta gasadhainte ina bhfuil trí ghástuirbín comh-thimthrialla agus gléasra grianchumhachta atá cóngarach dó in Eemshaven, an Ísiltír.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin, áfach.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10713 – RWE / NEWCO EEMSHAVEN

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10905 – IRISH LIFE WELLBEING / CENTRIC HEALTH PRIMARY CARE / CAREPATH CONNECT)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 446/10)

1. An 16 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— Irish Life Wellbeing Limited ("ILW", Éire),

— Centric Health Primary Care Limited ("CH", Éire).

Gheobhaidh ILW agus CH comhrialú ar Carepath Connect Designated Activity Company ("Carepath", Éire) de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc. Déantar tagairt do ILW agus CH le chéile mar "na Páirtithe".

Is trí cheannach scaireanna i gcuideachta nuabhunaithe, ar cuideachta í atá ina comhfhiontar, atáthar ag déanamh an chomhchruinnithe.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann agus an chomhfhiontair nuabhunaithe:

— Is cuid de Irish Life Group é ILW, agus soláthraíonn sé árachas saoil, bainistíocht pinsean agus rachmais, árachas sláinte agus seirbhísí sláinte agus folláine in Éirinn. Tá sé faoi úinéireacht an ghrúpa Power Corporation of Canada, cuideachta idirnáisiúnta bainistíochta agus sealbhaíochta,

— Soláthraíonn CH seirbhísí cúraim sláinte príomhúla (dochtúirí ginearálta agus speisialaithe) d'othair agus soláthraíonn sé seirbhísí earcaíochta do chleachtais dochtúirí ginearálta agus d'ospidéil in Éirinn. Tá sé mar chuid den ghrúpa Rothschild & Co Investment Managers, grúpa domhanda seirbhísí airgeadais.

— Déanfaidh Carepath pleananna céimeanna cóireála don chúram sláinte príomhúil a dhearadh agus a chur chun feidhme, pleananna a fhéachfaidh le heispéireas na n-othar a fheabhsú agus costais na cóireála a laghdú in Éirinn.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le caitheamh le comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara gur cás é seo ab fhéidir a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10905 – IRISH LIFE WELLBEING / CENTRIC HEALTH PRIMARY CARE / CAREPATH CONNECT

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10726 – BNP PARIBAS / STELLANTIS / PCDF ASSETS / FCAB ASSETS / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 446/11)

1. An 15 Samhain 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— BNP Paribas S.A. ("BNP Paribas", an Fhrainc),

— Stellantis N.V. ("Stellantis", an Ísiltír),

— Sócmhainní comhair ("PCDF") a mhaoiníonn PSA-SCF, atá faoi rialú comhpháirteach Stellantis agus Airgeadas Tomhaltóirí Crédit Agricole ("CACF", an Fhrainc),

— Sócmhainní comhair ("FCAB") a mhaoiníonn FCA-CACF, atá faoi rialú comhpháirteach Stellantis agus Airgeadas Tomhaltóirí Santander ("SCF", an Spáinn) (PCDF agus FCAB le chéile, an "Spriocghnólacht") agus

— Comhfhiontar idir BNP Paribas agus Stellantis (an "BNPP-Stellantis JV")

Gheobhaidh BNP Paribas agus Stellantis rialú comhpháirteach ar BNPP-Stellantis JV, a rialóidh an Spriocghnólacht ([2]), de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus sócmhainní.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá BNP Paribas gníomhach ar fud an domhain i dtrí phríomhghnólacht baincéireachta, lena n-áirítear Baincéireacht agus Seirbhísí Pearsanta agus Tráchtála; Seirbhísí Infheistíochta agus Cosanta; agus Baincéireacht Chorparáideach agus Institiúideach,

— Tá Stellantis gníomhach ar fud an domhain i bhforbairt, i monaraíocht agus i ndáileadh motarfheithiclí, faoi na cúig bhranda déag seo a leanas: Peugeot, Citroën, DS Automobiles, Opel, Vauxhall, Abarth, Alfa Romeo, Chrysler, Dodge, Fiat, Fiat Professional, Jeep, Lancia, Maserati agus Ram,

— Tairgeann sócmhainní PCDF agus sócmhainní FCAB iasachtaí agus léasanna a bhaineann le feithiclí brandáilte chomh maith le hiasachtaí do dhíoltóirí gluaisteáin,

— BNPP-Stellantis JV ina mbeidh an Spriocghnólacht.

3. Beidh BNPP-Stellantis JV ina chomhpháirtí eisiach ag Stellantis le haghaidh gníomhaíochtaí airgeadais gach branda Stellantis (gan léasú oibríochtúil B2B a áireamh) san Ostair, sa Ghearmáin agus sa Ríocht Aontaithe. Láimhseálfaidh BNPP-Stellantis JV léasú oibríochtúil B2C ar bhonn neamheisiach freisin.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").

([2]) Is éard a bheidh in BNPP-Stellantis JV (i) 100 % de na scaireanna in dhá eintiteas PCDF (PSA Bank Germany GmbH ("PSA Bank Germany") agus PSA Finance UK Ltd ("PSA Finance UK")), a chomhfhreagraíonn do na gníomhaíochtaí maoinithe atá ceangailte le brandaí PSA sa Ghearmáin, san Ostair agus sa Ríocht Aontaithe, agus (ii) sócmhainní gnó ó FCAB trí thrí chomhaontú tráchtála, a chomhfhreagraíonn do na gníomhaíochtaí maoinithe atá ceangailte le brandaí FCA sa Ghearmáin, san Ostair agus sa Ríocht Aontaithe.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([3]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10726 – BNP PARIBAS / STELLANTIS / PCDF ASSETS / FCAB ASSETS / JV

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([3]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA